**COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH**
**FÓGRA MAIDIR LE BREITHNIÚ A DHÉANAMH AR FHACHTÓIR COIGEARTAITHE ÁITIÚIL A SHOCRÚ**

Déantar foráil shonrach in Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (arna leasú), a chiallaíonn gur féidir le comhaltaí tofa d'údarás áitiúil rún foirmiúil a rith chun bunráta na Cánach Maoine Áitiúla dá limistéar riaracháin a athrú de réir céatadáin ar a dtugtar an fachtóir coigeartaithe áitiúil. Ag an gcruinniú atá eagraithe ag Comhairle Contae Cheatharlach chun an cheist seo a bhreithniú, féadfaidh na comhaltaí fachtóir coigeartaithe áitiúil an bhunráta a shocrú, nó, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh gan an bunráta a choigeartú. Buailfidh comhaltaí Chomhairle Contae Cheatharlach le chéile i mí **Iúil 2025** chun breithniú a dhéanamh ar fhachtóir coigeartaithe áitiúil a shocrú. Fáiltíonn Comhairle Contae Cheatharlach roimh aighneachtaí scríofa ón bpobal maidir leis an gceist seo **ina gclúdaítear go sonrach na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar athrú bhunráta na Cánach Maoine Áitiúla** do **ghnóthaí**, **do dhaoine aonair** agus do **sheirbhísí údaráis áitiúil**.

Ní mór go mbeadh aighneachtaí faighte faoin **27 Meitheamh 2025** agus ní mór iad a sheoladh chuig **Roinn Airgeadais Chomhairle Contae Cheatharlach, Bóthar Bhaile Átha Í, Ceatharlach** nó chuig **financelpt@carlowcoco.ie**

Sínithe C O'Reilly
Príomhfheidhmeannach
Dátaithe 27 Bealtaine 2025